

# The Project Gutenberg eBook of Leabhráin an Irisleabhair—III, by Beirt Fhear et al.

This ebook is for the use of anyone anywhere in the United States and most other parts of the world at no cost and with almost no restrictions whatsoever. You may copy it, give it away or re-use it under the terms of the Project Gutenberg License included with this ebook or online at [www.gutenberg.org](http://www.gutenberg.org). If you are not located in the United States, you'll have to check the laws of the country where you are located before using this eBook.

Title: Leabhráin an Irisleabhair—III

Author: Beirt Fhear

Author: Chonán Maol

Author: Gruagach an Tobair

Author: An tAthair Pádraig Ó Duinnín

Release date: June 23, 2005 [EBook #16122]

Most recently updated: December 11, 2020

Language: Irish

Credits: Produced by Brendan O'Connor and the Online Distributed Proofreading Team at <https://www.pgdp.net>

\*\*\* START OF THE PROJECT GUTENBERG EBOOK LEABHRÁIN AN IRISLEABHAIR—III \*\*\*

[Transcribers note: There are two versions of the booklet in this image. The first uses the dotted consonants, the latter a [transliteration](#) using 'h' to indicate lenition. To see this text in its original form a Celtic font is needed.]

## LEABHRÁIN AN IRISLEABHAIR.—III.



## SCOIL GAEDEALAĆ.

Aistí ó

"CONÁN MAOL," "BEIRT FEAR," "AN tATHAIR PÁDRAIG Ó DUINNÍN," Agus  
"GRUAGAĆ AN TOBAIR."



Ar n-a cur amac  
do  
CONNRAÐ NA GAEDILGE,  
Baile Áta Cliat.  
1903.

## CLÁR AN LEABRÁIN SEO.

I. Scoil Gaedealač, ó "Conán Maol."

II. Scoil Gaedealač, ó "Beirt Fear."

III. Scoil Gaedealač, ó'n Atair Pádraig Ó Duinnín.

IV. Cuirtear Corc sa Bairile feasta, a Uaisle, ó "Gruagač an Tobair."

## RÉAMRÁD.

Táinig na haistí leanas annso amac i nIRISLEABAR na GAEDILGE, agus táimíd dá gcur i gcló arís le suíl go ndéanfaid tuillead maiteasa, agus go gcabrógaid cum brostuğad ar an lá go mbeid scoileanna agus oideačas na hÉireann go fíor-Gaedealač.

Is é an rud atá 'gár lot agus gar gcoimeád siar acít ná fuilimíd ag déanam úsáid dár dteangaid féin cum gač éan-tsaġas gnóta do cur i gcríc. Labraimis Gaedilg leis na leanbaí scoile, múnimis ealadna is eile dóib tríd an nGaedilg, is annsoin is gairid an móill go mbeid Éire Gaedealač amuiğ 's amac.

FEAR AN IRISLEABAIR.

## I. SCOIL ĢAEDĒALAČ.

Sula dtosnuigtar tiġi, léiriġtare an talam, baintear an fód, rómartar go bfaiġtare bun daingean dlít 7 cuirtear an cloc-cúinne annsoin. Támuid-ne ag léiriugad na talman. Is gnó tairbeac é 7 gnó trom. Támuid ag árduğad tiġte leis acít i n-ionad a gcloċa cúinne do dingead sios mar a bfuil an cré ġlas cruaid is ead is baoġlač go bfuilmid 'gá gcur ar talam bog do ċriteann fá n-ár gcosaib.

Tá bun is na ceanntraib Gaedealača agus má šuidtear tiġi air sin ní réabfad gaot ġuairneáin na nIndia ta Ċoir na tiġi sin.

Measaim gur b'iascaire d'árduiğ an céad tiğ i mBaile-Áta-Cliat i bfad ins na ciantaib. Ní raib aige cuige acó cleataça admaid cum fallaí, 7 scrat an tailm̄ cum dín a tige, acó as an gcéad tosúgad soin d'fás Sráid Uí Conaill mar a gcuireann Connrad na Gaedilge fúta indiu.

Cuirimís-ne leis tiğ ar bun—scoil Ĝaedealaç, i gceanntar Ĝaedealaç—is cuma cá mbeid sí suidte, tiar, tuaid nó teas, acó go mbeid an áit Gaedealaç. Caidé an cuma is fearr cum a déanta? Is eól d'ár dtimitirí an áit is oireamnaige le n-a leitéid do cur ar bun acó dála na cuma is fearr cum an gnóta do cur cum cinn beinn buideaç do cáç a comairle tabairt dúninn.

Dar liom-sa tá an scoil curta suas céana agus ní fuil againn acó a crut d'atarrugad. 'Sí an scoil Béarlaç úd í do tóg an sagart paróiste le cabair an Buird Oideacais. Tá sé riactanaç orainn ar dtús cead an tsagairt agus cead tuismide na leanb d'fágál agus an scoil do céannaç ó'n mBord. Díolfaid an bord í go mear má beid fios aca go bfuilmíd dáirírib agus go bfágfamuis a scoil 'n-a fotaraç folam̄ aca cum scáta tabairt d'uanaib lá feartainne. Muna bfuil sí oireamnaç d'ár ngnó déanfainn ceann nuad. "Cad do déanfar leis an máigistir mboct atá annsúd?" adéarfaid duine éigin. An méid seo go deimin. Má tá fios a gnóta aige, sé sin má tá sé 'n-a cumas Gaedilg is léigeannt mait do múinead do'n aos óg, tógfari é ó smaçt an Buird Oideacais, tabarfar tuarastal níos fearr dó ná tá aige agus coinçill freisin go bfuiçid sé an tuarastal soin ar feed a beatad acó a gnó do déanam̄ go mait 7 aire tabairt dó féin.

Déarfainn gur b'fiú fear maiç tuarastal 200 púnt 'sa mbliadain, do múinfead an leanb ó tósac i nGaedilg, 7 do déanfad clár oibre mar leanas:—

### GARSÚIN IS GEARRCAILLÍ I n-ÉINFEACHT AMUIĞ IS AMAÇ LE SÉ BLIADNA D'AOIS,

An céad bliadain:

Gaedilg amáin is Teagasc Criostuïde.

An dara bliadain, 7 as soin go dtí an t-aonmad bliadain déag:

Gaedilg, Stair, Teagasc Criostuïde, Áiream̄, léar-eolas, Béarla—gaç níð múinte tre Gaedilg.

An t-aonmad bliadain déag:

Ealadna eile, Tómas Cruinne, 7 Úclid.

Ó'n t-aonmad bliadain déag suas:

Caitfear bean-múinte do solátar do na cailínib i dteannta an máigistir, do múinfid Fuagál, Cniotáil, Nijectán, Cócaireac̄t is gaç níð do baineann le tiğ, is le héanlaite.

Ba cóir go bfuiçtide a leitéid sin de múinteoir ar céad go leit 'sa mbliadain 7 ar an oiread céadna fear do múinfead míniugad talman do na buacaillib.

Caitfear trí acra do céannaç cois na scoile i gcóir gaç sagas míniugad talman do múinead dóib ní amáin as leabraib acó as obair lám. Is leis na haosánaí torad na talman soin 7 cuirfear i dtaisce dóib a luac, mar díolfar ar an margad na barraí.

Is é míniugad talman an t-eolas is oireamnaige d'ár ndaoinib indiu. Níor múinead fós dóib é, agus tá a rian air, támid creaçta ag titortaib deórata toisc naç bfuil an t-eolas cruinn againn le soçar do baint as an dtalam̄. Deir fir eólaça go mbainfide a cùig n-oiread soçair as an dtalam̄ so againn is baintear as indiu. Dá mbainfide féin ba beag an briğ dúinn-ne é mar bead sé go dtí seo ag an bpéist sin an máigistir talman. Tá breacad an lae cuígainn ám, agus is mitid d'feirmeóirib na hÉireann iad féin do gléasad. Tá daoine eile lasmuig ag déanam̄ airgid as a gcuid talman agus ár dtír-ne ag dul cum fiadantais.

Tall i nAlbain an t-am so de bliadain is gnátaç le feirmeoirí na scioltáin do cur i mboscaib istiğ i dtiğtib agus itir is aoileac̄ do cur leó go séideann na bog-ğais tre šúlib na scioltán soin. 'Sa mí seo cuígainn sáitfear na scioltáin sin i dtalam̄ is beid prátaí nua san Abrán atá cuígainn aca súd. Connac fiçe púnt dá tabairt ar tonna prátaí nua roim Bealtaine i gcatair Lúnduin. Ní áiteomad an saogal orm 'ná go bfuil sé i gcumas feirmeoirí na hÉireann an rud céadna do déanam̄. Táid siad com̄ gasta is com̄ críochnamail leó súd tall, acó amáin naç bfuil eolas míniigte talman aca. Ní féidir leó dá réir sin dá barra prátaí do baint as an dtalam̄ i n-éin-bliadain amáin 7 an leasuugad ceart do cur ar n-ais ann gcás ná raçad an talañ soin i ndisc.

"An as scoilín Gaedealaç do measann tú an t-eolas soin do múinead do na feirmeoirib?" adéarfaid duine éigin, is é ag leam̄-gáiride. Go réid, a dalta. Ni fuil síol-çno na daire com̄ mór le méaracán, acó féac̄ ar bille na coille d'fásann uaid, a céann go hárd, a préam̄a go doiñin, a cabail toirteamail, a ȝéaga ream̄ra, riȝne. D'fás an crann uaibreach soin as beagán, ní raib deabhad 'ná deitneas air, acó níor staon sé riam̄ gur fás sé. Féac̄ go cruinn air, is maçtnuiğ!

D'éis an céad scoil Ĝaedealaç do cur ar bun 7 taitigebeit againn ar an ngnó, is féidir linn scoileanna eile d'fágál mar a múinfear gaç uile céird do teastócaid uainn i nÉirinn, mar atá leasuugad leatair, gréasuideac̄t, fiȝeadóireac̄t, tálliúireac̄t, siúinéireac̄t, 7 cearda eile. Cuirfear árdscoil ar bun i mBaile Áta Cliat, nó gCorcraig, nó i nGaillim, le haçaid gaç ealada tairbeac̄ do múinead as Gaedilg do'n aos óg do tógfari as na scolaib Gaedealaça. Cuir ár sinsir scoileanna na Teamraç is Čluana, Beanncoir is Árdmaça ar bun, 7 leat a gcáil ar fuid an tsaoȝail. Tá an fuil céadna ionnainne. Misneac̄, a clann ó! Is linn-ne tir ȝeal-innseaç na hÉireann, 7 is gearr go mbeid

sí agaínn le congnáin Dé.

Mar a gcuireann C. na G. fúta, *where the G.L. put up (reside)*. Tuismide, *parents*. Áireamh, *Arithmetic*. Léar-eolas, *Geography*. Tómas Cruinne, *Geometry*. Míniugad talman, *Agriculture*. Aosánaíg, *youngsters*. Tíorta deórata, *foreign countries*. Scioltáin, "cut" *potatoes for seed*. Itir, *earth-mould*. Ní áiteoránad 7rl. *The world would not persuade me*. Críochnamail, *industrious*. Síol-chnó na daire (no daraí), *the seed nut of the oak, acorn*.

CONÁN MAOL.

## II. SGOIL GAEDALAC.

Tá an ceart ar fad ag Conán Maol. Teastuijéann sgoil Gaedalač uainn. Ní múinead atá againn i nÉirinnanois act creačad, 7 tá a rian orainn. Tá an donas a' teačt ar ár dtír. Níl againn act bliadain níos measa 'ná a céile. Tá muinntir na tuaite a' scaipead agus a' meatad, 7 tá na sráid-báiltí beaga ag dul i n-olcas gan aonač gan margad foγanta.

Féacaimis ar an dtalamh agus ar curadóireact na tíre. Tá an cùid is mó de'n talamh leat-báitte le huisge, 7 ní hamáin an talamh ísol act leicne árda. Is orta tá na barraí breačta luacra a' fás 7 gan duine ná daoine a rómarfad díog cùn iad a tiormuğad. Féac feirmeóirí na hÉireann a' díol a gcod' coirce ar dá teistiún an čloc 7 a' tabairt sgillne ar *Castalia* nó ar rud éicint eile go bful ainm mór air.

Féac ár dtír agus í maol ó črannaib. Nuair do b'féisdir leis na huaislib crainn a čur níor čuireadar iad. Dá gcurfidís ní beidís anois mar bead bacaič a dútaig ag iarraid déarca ar Buindeam. Bead airgead i n-a bpócaib aca 7 bead obair ag lučt oibre atá anois a' teitead as Éirinn. Agus cad is cionntač leis seo? An saǵas tabairt suas a fuaireadar. Níor čeap éinne go mba čeart d'uaislib na hÉireann eolas do beit aca ar talamh na hÉireann. 'Sead! tá torad a ndeaǵ-oibreaca aca anois, 7 is baoǵlač liom-sa nač ag dul i bfeabas a beid an sgéal aca feasta.

Act cad deir an feirmeoir? Ceapann seisean ná ful éan-máiteas i gcrainn act iad do gearrad 7 a dóǵad. "Níl siad act a' suǵad brije an tailim." Ní baogál dó-san crann a čur. Gearrann sé an crann mar geall ar a beit 'sa' tslije air, act bíonn na mílte feočadán 7 geósadán a' fás i n-a páirc aige.

Nuair a bí sé seo 'n-a ġarsún a' dul ar sgoil fuair sé árd-múinead. Bí fios aige cia'ca an cnoc is aoirde 'sa' doman. Do 'neósfad sé duit an méid uisge ġab le fánaid le bliadain i n-abainn móir ioctair Aimeirice, 7 bí cúnntas cruinn aige ar atair agus ar matair ríog bí 'sa' Róim na mílte bliadan ó soin. Bad dóig le duine gur adbar captáin a bí 'sa' ġarsún agus an saǵas fogluim a fuair sé ar sgoil. Nár čoír go mbead an beag nó an mór d'eolas le faǵáil aige ar an tslije beatad bí i ndán dó. Act ní mar sin a bí. Connac sé na crainn a' fás; connac sé an duilleabar a' séidead ins an Earrac 7 a' tuitim 'sa' bFoǵmar; act níor čuir éinne 'n-a čeann ná raib ó'n gcrann úd ar taobh an bótaír act greim faǵáilt ar an dtalamh 7 go mbeatócad an t-aer é.

Is cuimin liom-sa sean-daoine nár čait lá riám ar sgoil, 7 geallaim 7 deimingim gur mó an t-eolas a bí aca ar curadóireact 7 ar niðtič a baineann le saotruğad na talman 'ná bíonn anois aca so a caiteann na bliadanta ar sgoil.

Ní héin-iongnad an sgéal a beit mar seo ag ógánaig na haimsire seo. Tagann móran d'ár gcuid eolais čuǵainn ó dútčas. Pé eolas a bí ag ár seačt-sinsearaib is i nGaedilg do b'féisdir leó é čur i n-umail dá gclainn; act ní raib éin-mesa aca-san ar Gaedilg. Čaiteadar uata í, 7 i n-a teannta sgaradar le heolás na sean-daoine a tainig rómpha. B'féisdir go raib beagán d'eolas a sinsear ag an bpáisde ar dul ar sgoil dó ar dtúis. Act, má bí, níor b'fada gur stracad as na préamačaib an t-eolas so, 7 má fágad éan-čuid de gan stracad, do múcad é le carta an Béarla sara raib an leanbh leat-bliadain ar sgoil. Tug na münteoirí iarracht ar síol an Béarla a čur. Ní raib an itir ró-oireamnač, 7 ba minic an síol go holc, 7 ba measa é an leasúğad, 7 b'é deiread an sgéil é gur fág an sgoláire an sgoil 7 é gan Béarla gan Gaedilg.

Bful leiǵeas le faǵáil ar an aicíd seo? Tá, gan amras. Tá an leiǵeas ag an ndorus againn. Tá an leiǵeas i dteangain ár sinsear. Molad le Dia! tá an leiǵeas ag oibriuğad anois. Tá síol curta i n-itir mait. Ba mait linn-ne dá bfeicimis an gearmar a' teačt suas níos treise 7 níos tiuǵa 'ná atá sé. Act bíod foidne againn. "Tagann gač mait le cárde," 7 "I ndiaid 'céile déantar na caisleáin." Beid barra mait againn fós, le congnáin Dé.

Ní doig liom féin gur tainig an t-am fós cùn Sgoil Gaedalač "Conáin Maoil" a čur ar bun.

'Sé is ceart dúinn úsáid a déanam des na sgoileanna atá againn. Má is mait leis na stiúrtóirí é, is féisdir leó Sgoil Gaedalač a déanam d'éan-sgoil atá fúta. Anois ní fuláir nó tá sagart le faǵáil i Gceanntar Gaedalač a čuirfead Sgoil Gaedalač ar bun. Agus muna bful a leitíeid seo le faǵáil, cuirimis sgoil oidče suas. Tá airgead le faǵáil ó'n Riaǵaltačas ar an obair seo. Is féisdir linn-ne greim faǵáil ar čuid de cùn na Gaedilge a müinead 7 ní dóig liom-sa go bful aon scairt 'sa' bearnain le cosg a čur orainn.

"An té ná bíonn láidir  
Ní fuláir dobeit glic."

Nílmid-ne láidir fós, 7 nuair ná fuilmid, 'sé is fearra dúinn a déanam 'ná greim a breit ar gaċ buntáiste 7 úsáid a déanam díob ar son na Gaedilge.

"Glac a bfaiġir 7 díol a bféadfair."

BEIRT FEAR.

## Gluais.

Creaċad, *spoiling*. A' scaipead 7 a' meatad *scattering and decaying*. Sráid-bailti, *villages*. Leicne árda, *high hill-sides*. Dá tuistiún an cloċ, *eightpence a stone*. Maol ó crannaib, *bare of trees*. Crainn a cur, *to plant trees*. Ag iaraid déarca, *seeking alms*. Cad is cionntaċ, *what is to blame for this*. Tabairt suas, *up-bringing, education*. Ní baoġal dó-san crann cur, *no fear of his planting trees*. Cia'ca an cnoc is aoirde, *which is the highest mountain*. Gab le fánaid, *went down*. An beag nó an mór d'eolás, *some little or much knowledge*. Curadóireact, *agriculture*. Is i nGaedilg do b'eidir leó, *in Irish they were able to make it known to their children*. Stracad as na préamaċa, *torn out of the roots*. An itir, *the soil*. Gearmar, *young grass*. Scairt sa bearnain, *a bush in the gap*.

## III. SCOIL ĢAEDGEALAC.

Is beag an maiteas dúinn beit ag tráct tar Ģaedilg 7 ag áiteam ar daoinib gur beo-teanga í muna bféadfaimíd í šaotruġad mar šaotruġtear gaċ beo-teanga 'san Eóraip. Is beag an maiteas beit ag iaraid smaċt a cur ar daoinib boċta gábataraċa, ar luċt sclábaideac̊ta, is ar a leitēididib, beit ag iaraid maide a tabairt dóib muna labarfaid Gaedilg iad féin is muna labarfaid Gaedilg le n-a bpáistidib 7 beit ag gearán ná fuli ruainne do'n Spioraid Ģaedealaig fágta 'n-a measc nuair a motuġtear an tuile ag trágad 7 gan caoi ar časad aici. Is beag an maiteas é sin go léir muna bféadaimíd gaċ níð baineann le n-a ngnó saoġalta do müinead dos na daoinib i nGaedilg. Muna bfuli briġ 'san Ģaedilg fé látair akt cùm iasc do comaiream nō cearda do díol ar margad nō déirc a lorg ó tig go tig nō fós cum amráin sultmara do canad le hais na teinead, ní fada fanfaid fiú na bríoġ soin féin innti, agus is beag an maiteas dúinn beit ag gabáil dí agus ag tabairt iarac̊ta ar í coimead 'n-a beataid. Ní féadfaid daoine beit i gcomnuidé ag díol cearc nō ag comaiream éisc nō ag lorg na déirce—caitfear a lán rudaide naċ iad a déanam, 7 muna mbeid sé i gcumas na ndaoine iad a déanam i nGaedilg déanfar i mBéarla iad agus léigfear an Ģaedilg le fuac̊t is le failliġe. Má fanann gaċ duine óg is aosta, a labbrann Gaedilg is ná fuli tabairt suas i mBéarla air, má fanann sé 'n-a illiterate, má's eigin dó a marc (x) a cur i bpáipéar i n-ionad a anma, má's eigin dó müinteoir Béarla d'faġáil dā člann nō iad a beit 'n-a n-illiterates mar é féin—má leantar do'n čleas soin, is gearr a beid a leitēidí sin d'illiterate n-ár measc, is geárr a beid Béarla ag éinne akt drabġajl beag gan briġ. Cad do ruaq an Ģaedilg as Conntae Luimniġ, as Conntae Tiobrad Árann, as ur-mór de Ċonntae Ċorċaige, as Catair Ċorċaige agus as conntaetib is catraċaib naċ iad? Cad do čuir an fán uirti, ó aimsir an droċ-šaogail go dtí seo? 'Neosad-sa díb cad do čuir fán is ruagairt ar ár dteangain. Leat-ċead bliadan o soin nō ós a čionn bí sí dá labairt go flúirreac̊t ag óg is aosta ar fuaid na Muman, 7 ba dōiġ le duine ná tiocfad aon brisead go brát uirti. Bí filideac̊t le faġáil aisti, bí scéalta fiannaideac̊ta le faġáil aisti, bí comrád suilt is grinn le faġáil aisti. Dar ndóiġ ba mait an rud sain. Akt ní féadfad daoine maireaċtaint ar rannaib filideac̊ta, is ní bainfead eaċtraide ar Oisín is ar Oscar an tart ná an t-oċras de müriġeán óg neam-čongantaċ. Níor féadad dul cùm cinn le gnó an tsaoġail gan tabairt suas eigin oirearġnaċ, 7 ní raib an tabairt suas soin le faġáil i nGaedilg, 7 bí sé le faġáil i mBéarla. Dá briġ sin cuiread an Ģaedilg i leat-taoib 7 tá a rian uirti indiu. Tá an rud céadna soin ar siubal fá látair. Tátar ag cur na Gaedilge i leat-taoib d'fondn tabairt suas tairbeac̊ d'faġáil i mBéarla. Agus beifear dá cur i leat-taoib go mbeid sé 'n-ar gcumas teagasc oirearġnaċ tairbeac̊ a tabairt i nGaedilg do'n aos óg a labbrann í do réir dūtċais. Is mait an rud timtiride do scoailead amaċ fá'n dtuait; is mait an sud craobaca do cur ar bun annso is annsúd 'sna criocaib Ģaedealaċa. Níl aon loċt agam le faġáil orta, akt creid mise leis ní réidteoċaid timtiride an čeist go lá an čunntais. Dá mbead timtire againn i gcoir gaċ sráid-baile nō gaċ baile Gaedealaċ 7 gaċ timtire a beit ag obair go dian dūtraċtaċ ó čeann ceann na bliadna, dá mbead craob do Ċonnrad na Gaedilge i ngaċ baile 7 na leabair is deise 'san doman dā gcur amaċ gaċ seaċtmáin agus an ceol is brioġmaire i nEirinn dā spreagad agus an rinnce is anamarnla le faġáil fá gléas againn—ní čuirfead na neite sin go léir sonas ná bail ar ár dteangain dā mbad rud é gur b'ēgin do'n aos óg iompód ar an mBéarla cùm an tabairt suas d'oireann dóib dā ngnó saoġail d'faġáil. Is mar sin atá an scéal fá látair, agus is mar sin a beid an scéal go gcuirfear scoileanna fior-Ģaedealaċa ar bun. Akt mar adeir Conán Maol, tosnuiġtear le héan-scoil amáin. Bónn gaċ aon tosnuġad lag. Lastaréan-coinneal beag amáin mar tosnuġad, agus is gearr go mbeid soillse ar ndótain againn. An bfeacabar riam an čuma i n-a lastar na coinle 'sna heagħasaidib. Nuair a bónn cruinniġad mór bailiġte le céile agus coinneal i láim gaċ duine aca, faġtar aon buaiceas beag amáin; lastar í; lastar coinneal i láim duine eigin léi, druideann an duine sin a coinneal ar lasad cùm coinle a čomursan, 7 lasann a coinneal; lasann siúd coinneal an té bónn le n-ais, agus dá réir sin riteann an teine ó duine do duine, agus is gearr an moill go bfeictear blaodm solais ag gealad na heagħlaise go lonnraċ agus ag cur compórd is átas ar na daoinib ar fad. Is mar sin a beid an scéal againn i dtaoib na scoile, cuirtear aon scoil amáin ar bun; lastar an coinneal beag amáin, agus is gearr le congħam Dé go

mbeid blaodm soluis ag éirge ó cùig áirdib na hÉireann ná múcfar go deó na ndeór. Is mitid dúinn tosnugad. Is cuma cá gcuircfear an scoil sin ar bun—i nDún na nGall, i gConntae na Gaillimé nó i gCiarraide. Act ó's Ciarraideac Conán Maol, ó's Ciarraideac "Beirt Fíor" agus ó's Ciarraideac mé féin, agus nuair ná fuil aon críoc ná Conntae eile ag tabairt fá'n obair seo, is dóig liom gur fearra dúinn tosnugad le Ciarraide—ait éigin tiar an fad i mBaile an Feirtéiriúg nó i nÍbrátaíc nó i nGleann Beite. B'fearr liom aon scoil fíor-Gaedealaíc amáin 'ná dá timtire. Caitfear airgead do sholátar act ní dóig liom go bfágfaid na Ciarraidiúc cibé áit i n-a bful siad aon easnam orainn, agus ní'l amras ná go dtabarfaid an Árd-féis congnam dúinn agus go mbeannógaid sí ár n-obair. Tosnuijmíl le congnam Dé agus do réir mo tuairime níor rinnead obair riam ar son ár dteangan níos fearr 'ná an obair do ceap Conán Maol.

PÁDRAIG UA DUINNÍN.

## IV. CUIRTEAR CORC SA BAIRILE FEASTA, A UASLE.

Nuair bíos-sa ar scoil sa tseana-šaojal, ní raib námaid ba mó agam ná bairile. Seo mar a tárlaid sin. An mí-fortún máigistir a bí againn, ní raib oiread mo duirn ann, act bí béc asail aige, 7 rud ba measa na soin, slat com fada le slat Maoise. "Anois" adeiread sé, agus é ag rástáil síos agus suas, agus ag fáscad na slaithe ar tí na súl a baint asaínn, "tá bairile airíte ann agus dá poll ann—poll 'n-a bun agus poll 'n-a barr, agus dá corc ionnta. Dá mbead an bairle lán d'uisce agus go dtarraiceoigtá an corc tíos do bead an bairile follam i gcionn deič nóimití; act dá mbead sé follam 7 go leogfá uisce isteač ann tríd an bpoll tuas, do bead sé lán i gcionn dá nóimit déag. Cuir i gcás anois go mbead an bairile lán, agus go dtarraiceoigtá an dá corc i n-einfeacht, cahuin a bead sé i n-dísc?"

Is ar an gceist seo do cuimniúgeas an lá fé deiread nuair connac aiste Connán Maoil mar geall ar an scoil Gaedealaig. Mar is solaoid d'Eirinn an bairile úd. Bí sí ar scéide de Gaedilg—cnuasaíc saotair intinne ár sinsear romainn. Annsoin, do tainig an fealltóir Sasannaig, 7 do dein sé poll i dtón an bairile, agus siúd an t-uaċtar saidbir le fánaid. I n-ionad an puill a stop is amlaíd a bíomar-na, ar nós braisile leanb timčeall loċáin ar taobh sráide glagair, ag rinnce 7 ag bualad bas le spórt nuair concamair na caisí geala ag gabáil síos, agus do rop cuid againn ár méaranna sa poll gá fairsingiuġad i gcás go mbead tuile níos mó againn.

Sul a raib an tubaist ar fad déanta againn do tainig fir calma Connrad na Gaedilge d'ár gcose. D'éis aġaid bél a tabairt orainne do ċuadar ag stop an puill. Act níor leog an Sasannaċ dóib é.

"Pé níd is mar a deineann an Bairile," ar sé, "is liom-sa an poll soin, agus ní leomítai sib barra méire a leogaint air."

"Déinimís poll i gceann an bairilie" arsa na fir, "agus cuirimís tuillead uaċtair ann."

Do déanad mar sin, agus do cuireadar fios ar uaċtar ar fuid na tíre le cur 'sa' bairile; act, forior! tá uaċtar gann i nEirinn anois. Cuiread strannċán mait ó Baile Múirne cūċa, cuid ó'n nGailim, cuid ó Čiarraide. Do cuir an tAtair Peadar tuna uaid féin cūċa; agus do bailiġ Cú Ulad, an fear boċt lán poitín dóib tall 'sa abus i dTír Čonaill. 'N-a n-éaġmais sin, is minic ná raib le faġáil aca act an bainne géar, an lionn caol, 7 an blátač. Ní ag loċtuġad na ndaoine n-a taob soin atáim, mar tugadar uata go toilteanač é, 7 ní raib a malaift aca.

Tá atarraċ scéil le tamall againn, agus ó tá is dóig liom-sa nár misde dúinn a tarrac ċugainn. D'fág na Sasannaig an bairile fúinn féin. Naċ mitid dúinn an corc a cur ann? Bí tuigsint mór i mbairile ag an máigistir úd a bí orm-sa, agus déarfad sé ná tiucfad leis an nGobán Saor féin é líonad faid a fágfide a leogaint uaid tríd an uatais móir úd 'n-a tóin é.

Ní ag dul i gcuimainge atá an uatais seo, tá seaċt gcuomaċta ag cabruġad le céile cun í leatanuġad ó ló go ló. Farsingi-ġeann rit uisce poll ċoidċe. Níl éan-duine a tóġad suas le galldaċas ná déanfaid sé na daoine a beid 'n-a comluadar gallda mar é féin. Connac-sa an lá eile triúr leanb óga nár cuaid ar scoil riām gá déanaim so le na seans-mátaír agus í i n-aois a ceitre fiċċid. Bí "tiss, a laoġ," agus "neo, a laoġ," agus "mindeen yoursel, a cuidin," ar barra a teangan ó maidin go hoidċe aici dóib. Tá an traen agus na camtaí seirbíseac a bionn na feidil á déanam; tá an post, 7 buacaillí an puist a téideann ó tiġi go tiġi san tuait dá déanam; tá páipéar na seaċtmáine á déanam; an gnó céadna ar siubal san scoil 7 san séipéal; na timtiri atá amuij ó sna Bóർdaib seo a bionn ag comairliuġad na bfeirmeoirí; na tiġte ósta 7 na cuairteoirí 7 a luċt leanamana—tá siad so uile ag méaduġad an puill úd, mar tá siad ó ċeann ceann de'n bliadain ag dingead Béarla isteač ár għluasaib.

Féaċaimis anois an bful ár sciat-ċosanta leatañ láidir a dótain cun na náimde uile seo a coimeád uainn amac. Tá ár seasam ar na pástib. Čionn gaċ ēinnej é sin. Caillimís iad, agus tá sé com mait againn 'slán beo' fágant ag ár mbairile go deó. Coimeádamis Gaedealaíc iad, agus tá an lá linn. Ní feedar an dtuigid do leigiteoirí deacract an níð seo ámitac. Labrad éan-atair cloinne atá ag casad le n-a leanbaí féin a tabairt suas mar bad cōir. Bad mait liom focal ó Peadar Ó Laoidléis ar an gceist seo. Sé lób is dóig liom adeir gur cogad sioraide beata duine ar an saoġal. Act deirm-se ná fuil sa cogad so act neam-níð seaċas an cogad a bionn ar gaċ teinteán i n-a mbítear ag casad le leanbaí do coimeád Geadealaíc i n-indeóni na náimde do áirimigeas tuas. Agur má's mar seo atá an scéil ag leanbaí na nGaedilgeoirí connus atá sé ag an marċsluaġ ná tabarfaid a dtúismidte biorán buide ar ciaca beidís Gaedealaíc nó Gallda! Cad do déinimíd-na, muinntir na Gaedilge, do

sna leanbaíb seo.

Múinimíd páidreaca Gaedilge dóib, ac is i mBéarla déanfaid an sagart agus an t-Easpog iad do ceistiúgad; múinimíd dóib connus Gaedilg do léigear, ac tóir is scoil Béarla í, caitfid an Béarla beit i mbun 's i mbárr ár gcuid oibre. Múinimíd rinnce Gaedealacl dób, ac tóir is i mBéarla déanfaid siad cainnt air agus úsáid de n-a diaid sin. Sé an scéal céadna ag gacl nídeile é. Níl an fear soin crutanta fós a déanfad níde do b'fearr de leanbaíb leis an saigas so oideaíais ná *Anglo Irishmen*. Sin é go cruinn atá againn dá déunam dób. Níl ann ac tóir ag casad le baráile na tóna briste do líonad.

Níl réiteac na ceiste seo, ná sábáil na teangan le faigil taobh amuig de'n scoil Gaedealaig. Is éigin na leanbaí do cur uirti, 7 gac níde doirfi dób a mínead i nGaedilg. Ní déanfad an galldacás dít ná dochair annsoin dóib. Do tuitfead sé siar síos dób mar a tuiteann an braon de'n lachein. Ní féidir an teagasc so tabairt i n-éan-scoil náisiúnta indiu. Níl sa céann is fearr aca so go fíor ac tóir scoil gallda. Caitfimíd féin, ar an adbar soin, costas na scoile d'fúlang sa céad fáscad.

Níl amrus ar doman, ar a són sain, má cuirfimíd suas í, 7 má téideann an obair cún cinn innti—má tigeann linn gnó tairbeac a déanam innti—níl amras ar doman ná go ndíolfad an bód léiginn asti i gcionn cúpla bliadain, 7 ná go leogfaidís dúnne leanamaint do'n obair do cuireamair ar bun innti.

Is dóig liom féin go mbeid eagla an costais ar an gCoiste Gnóta; agus má bíonn is dócha gur b'féidir do daoinib lasmuig de'n Coiste an t-airgead do déanam suas. Táim com cinnte go bfuil an scoil ag teastáil uainn, com cinnte go ndíolfad an Bórd i gcionn cúpla bliadan aisti, agus annsoin gur b'féidir dúinn móran dá saigas a beit againn; com cinnte go bfuil saorad na teangan innti, go dtabarfad £5 d'éan-fuireann Gaedilgeoirí a cuirfid le céile cún í do sólatar.

Tá saotar mór déanta le deič mbliadna againn. Ba ró-lag é ár dtosnuigad: Níl bliadain a gabann tarainn ná tugamaoid coiscéinn cún cinn—ná téidimíd pas beag níos aoirde. Is mait é sin. Leanamís de. *Excelsior* coidc! Tá coiscéim na bliadna so gan tabairt fós againn. Tugaimis cún scoile Čonáin í.

GRUAGAČ an TOBAIR.

---

**AN CLÓ-ČUMANN, (Teóranta),  
Clódóirí Gaedilge, Sráid Mór na Trága,  
Baile Áta Cliat.**

---

## LEABHRÁIN AN IRISLEABHAIR.—III.



### SCOIL GHAEDHEALACH.

"CHONÁN MAOL," "BEIRT FHEAR," "AN tATHAIR PÁDRAIG Ó DUINNÍN,"  
Agus "GRUAGACH AN TOBAIR."



Ar n-a chur amach  
do  
**CHONNRADH NA GAEDHILGE,**  
**Baile Átha Cliath.**  
**1903.**

## CLÁR AN LEABHRÁIN SEO.

[\*\*I. Scoil Ghaedhealach, ó "Chonán Maol."\*\*](#)

[\*\*II. Scoil Ghaedhealach, ó "Bheirt Fhear."\*\*](#)

[\*\*III. Scoil Ghaedhealach, ó'n Athair Pádraig Ó Duinnín.\*\*](#)

[\*\*IV. Cuirtear Corc sa Bhairile feasta, a Uaisle, ó "Ghrugach an Tobair."\*\*](#)

## RÉAMHRÁDH.

Tháinig na haistí leanas annso amach i nIRISLEABHAR na GAEDHILGE, agus táimíd dá gcur i gcló arís le síl go ndéanfaid tuilleadh maitheasa, agus go gcabhróghaid chum brostughadh ar an lá go mbeidh scoileanna agus oideachas na hÉireann go fior-Ghaedhealach.

Is é an rud atá 'gár lot agus gar gcoimeád siar acht ná fuilimíd ag déanamh úsáid dár dteangaidh féin chum gach éan-tsaghlas gnótha do chur i gcrích. Labhraimis Gaedhilg leis na leanbhaí scoile, múnimis ealadhna is eile dóibh tríd an nGaedhilg, is annsoin is gairid an mhoill go mbeidh Éire Gaedhealach amuigh 's amach.

FEAR AN IRISLEABHAIR.

## I. SCOIL GHAEDHEALACH.

Sula dtosnuightear tigh, léirightear an talamh, baintear an fód, rómharthar go bhfaightear bun daingean dlúth & cuirtear an chloch-chúinne annsoin. Táimid-ne ag léiriughadh na talmhan. Is gnó tairbheach é & gnó trom. Táimid ag árdughadh tighthe leis acht i n-ionad a gclocha cúnne do dhingeadh síos mar a bhfuil an chré ghlas chruaiddh is eadh is baoghlach go bhfuilmíd 'gá gcur

ar thalamh bhog do chritheann fá n-ár gcosaibh.

Tá bun is na ceanntraibh Gaedhealacha agus má shuidhtear tigh air sin ní réabfadhbh gaoth ghuaireáin na nIndiatha Thoir na tigh sin.

Measaim gur bh'iascaire d'árduigh an chéad tigh i mBaile-Átha-Cliath i bhffad ins na ciantaibh. Ní raibh aige chuige acht cleathacha adhmaid chum fallaí, & scrath an tailmh chum dín a thighe, acht as an gcéad thosughadh soin d'fhás Sráid Uí Chonaill mar a gcuireann Connradh na Gaedhilge fúthá indiu.

Cuirimís-ne leis tigh ar bun—scoil Ghaedhealach, i gceanntar Ghaedhealach—is cuma cá mbeidh sí suidhte, thiar, thuaidh nó theas, acht go mbeidh an áit Gaedhealach. Caidé an cuma is fearr chum a déanta? Is eól d'ár dtimthirí an áit is oireamhnaighe le n-a leithéid do chur ar bun acht dála na cuma is fearr chum an ghnótha do chur chum cinn bheinn buidheach do chách a chomhairle thabhairt dúinn.

Dar liom-sa tá an scoil curtha suas cheana agus ní fhuil againn acht a cruth d'atharrughadh. 'Sí an scoil Bhéarlach úd í do thóg an sagart paróiste le cabhair an Bhuid Oideachais. Tá sé riachtanach orainn ar dtús cead an tsagairt agus cead tuismidhe na leanbh d'fhagháil agus an scoil do cheannach ó'n mBord. Díolfaidh an bord í go mear má bheidh fhios aca go bhfuilmíd dáiríribh agus go bhfágfamuis a scoil 'n-a fotharach folamh aca chum scátha thabhairt d'uanaibh lá fearthainne. Muna bhfuil sí oireamhnach d'ár ngnó dhéanfainn ceann nuadh. "Cad do dhéanfar leis an máighistir mbocht atá annsúd?" adéarfaidh duine éigin. An méid seo go deimhin. Má tá fios a ghnótha aige, sé sin má tá sé 'n-a chumas Gaedhilg is léigheann maith do mhúineadh do'n aos óg, tóigfar é ó smacht an Bhuid Oideachais, tabharfar tuarastal níos fearr dó ná tá aige agus coinghill freisin go bhfuighidh sé an tuarastal soin ar feadh a bheathadh acht a ghnó do dhéanamh go maith & aire thabhairt dó féin.

Déarfainn gur bh'fhiú fear maith tuarastal 200 púnt 'sa mbliadhain, do mhúinfeadh an leanbh ó thosach i nGaedhilg, & do dhéanfadhbh clár oibre mar leanas:—

#### GARSÚIN IS GEARRCHAILLÍ I n-ÉINFHEACHT AMUIGH IS AMACH LE SÉ BLIADHNA D'AOIS,

An chéad bhliadhain:

Gaedhilg amháin is Teagasc Crióstuidhe.

An dara bliadhain, & as soin go dtí an t-aonmhadh bliadhain déag:

Gaedhilg, Stair, Teagasc Crióstuidhe, Áireamh, léar-eolas, Béarla—gach nídh múinte thre Ghaedhilg.

An t-aonmhadh bliadhain déag:

Ealadhna eile, Tómhas Cruinne, & Úclid.

Ó'n t-aonmhadh bliadhain déag suas:

Caithfear bean-mhúinte do sholáthar do na cailínibh i dteannta an mháighistir, do mhúinfidh Fuagháil, Cniotáil, Nigheachán, Cócaireacht is gach nídh do bhaineann le tigh, is le héanlaithe.

Ba chóir go bhfuighthidhe a leithéid sin de mhúinteoir ar chéad go leith 'sa mbliadhain & ar an oiread céadna fear do mhúinfeadh míniughadh talmhan do na buachaillibh.

Caithfear trí acra do cheannach cois na scoile i gcóir gach saghas míniughadh talmhan do mhúineadh dhóibh ní amháin as leabhraibh acht as obair lámh. Is leis na haosánaigh toradh na talmhan soin & cuirfear i dtaisce dhóibh a luach, mar díolfar ar an margadh na barraí.

Is é míniughadh talmhan an t-eolas is oireamhnaighe d'ár ndaoinibh indiu. Níor múineadh fós dóibh é, agus tá a rian air, táimid creachta ag tíorthaibh déórata toisc nach bhfuil an t-eolas cruinn againn le sochar do bhaint as an dtalamh. Deir fir eólacha go mbainfidhe a chúig n-oiread sochair as an dtalamh so againn is baintear as indiu. Dá mbainfidhe féin ba bheag an bhrigh dhúinn-ne é mar bheadh sé go dtí seo ag an bpéist sin an máighistir talmhan. Tá breacadh an lae chughainn ámh, agus is mithid d'fheirméoiríbh na hÉireann iad féin do ghléasadh. Tá daoine eile lasmuigh ag déanamh airgid as a gcuid talmhan agus ár dtí-ne ag dul chum fiadhantais.

Thall i nAlbain an t-am so de bhliadhain is gnáthach le feirmeóirí na scioltháin do chur i mboscaibh istigh i dtíghthibh agus ithir is aoileach do chur leó go séideann na bog-ghais thre shúilibh na sciolthán soin. 'Sa mhí seo chughainn sáithfear na scioltháin sin i dtalamh is beidh prátaí nua san Abrán atá chughainn aca súd. Chonnac fiche púnt dá thabhairt ar thonna prátaí nua roimh Bhealtaine i gcathair Lúnduin. Ní áiteómhadh an saoghal orm 'ná go bhfuil sé i gcumas feirmeóirí na hÉireann an rud céadna do dhéanamh. Tháid siad chomh gasta is chomh críochnamhail leó súd thall, acht amháin nach bhfuil eolas mínighthe talmhan aca. Ní féidir leó dá réir sin dhá bharra prátaí do bhaint as an dtalamh i n-éin-bhliadhain amháin & an leasughadh ceart do chur ar n-ais ann gcás ná raghadh an talamh soin i ndísc.

"An as scoilín Gaedhealach do mheasann tú an t-eolas soin do mhúineadh do na feirmeóiríbh?" adéarfaidh duine éigin, is é ag leamh-gháiridhe. Go réidh, a dhalta. Ni fhuil síol-chnó na daire chomh mór le méaracán, acht féach ar bheile na coille d'fhásann uaidh, a cheann go hárd, a phréamha go doimhin, a chabhail thoirteamhail, a ghéaga reamhra, righne. D'fhás an crann

uaibhreach soin as beagán, ní raibh deabhadh 'ná deithneas air, acht níor staon sé riamh gur fhás sé. Féach go cruinn air, is machtnaigh!

D'éis an chéad scoil Ghaedhealach do chur ar bun & taithighe bheith againn ar an ngnó, is féidir linn scoileanna eile d'fhagháil mar a múinfear gach uile chéird do theastóchaidh uainn i nÉirinn, mar atá leasughadh leathair, gréasuidheacht, figheadóireacht, tálliúireacht, siúinéireacht, & cearda eile. Cuirfear árdscoil ar bun i mBaile Átha Cliath, nó gCorcaigh, nó i nGaillimh, le haghaidh gach ealadha thairbheach do mhúineadh as Gaedhilg do'n aos óg do thoghfar as na scolaibh Gaedhealach. Chuir ár sinsir scoileanna na Teamhrach is Chluana, Bheannchoir is Árdmacha ar bun, & leath a gcáil ar fuid an tsaogail. Tá an fhuil chéadna ionnainne. Misneach, a chlann ó! Is linn-ne tir gheal-innseach na hÉireann, & is gearr go mbeidh sí againn le congnamh Dé.

---

Mar a gcuireann C. na G. fúthá, *where the G.L. put up (reside)*. Tuismidhe, parents. Áireamh, *Arithmetic*. Léar-eolas, *Geography*. Tómhas Cruinne, *Geometry*. Míniughadh talmhan, *Agriculture*. Aosánaigh, *youngsters*. Tíortha deórata, *foreign countries*. Scioltháin, "cut" potatoes for seed. Ithir, *earth-mould*. Ní áiteomhadh &rl. *The world would not persuade me*. Críochnamhail, *industrious*. Síol-chnó na daire (no darach), *the seed nut of the oak, acorn*.

CONÁN MAOL.

---

## II. SGOIL GAEDHEALACH.

Tá an ceart ar fad ag Conán Maol. Teastuigheann sgoil Ghaedhealach uainn. Ní múineadh atá againn i nÉirinnanois acht creachadh, & tá a rian orainn. Tá an donas a' teacht ar ár dtír. Níl againn acht bliadhain níos measa 'ná a chéile. Tá muinntir na tuaithe a' scaipeadh agus a' meathadh, & tá na sráid-bháiltí beaga ag dul i n-olcas gan aonach gan margadh foghanta.

Féachaimís ar an dtalamh agus ar churadóireacht na tíre. Tá an chuid is mó de'n talamh leath-bháitthe le huisge, & ní hamháin an talamh ísol acht leicne árda. Is ortha tá na barraí breaghtha luachra a' fás & gan duine ná daoine a rómharfadhlíodh chun iad a thiormughadh. Féach feirmeóirí na hÉireann a' díol a gcdír coirce ar dhá theistiún an chloch & a' tabhairt sgillne ar *Castalia* nó ar rud éicint eile go bhfuil ainm mhór air.

Féach ár dtír agus í maol ó chrannaibh. Nuair do b'fhéidir leis na huaislibh crainn a chur níor chuireadar iad. Dá gcuirfidís ní bheidís anois mar bheadh bacaigh a dúthaithe ag iarraidh déarca ar Bhuindeam. Bheadh airgead i n-a bpócaíbh aca & bheadh obair ag lucht oibre atá anois a' teitheadh as Éirinn. Agus cad is cionntach leis seo? An saghas tabhairt suas a fuaireadar. Níor cheap éinne go mba cheart d'uaislibh na hÉireann eolas do bheith aca ar thalamh na hÉireann. 'Seadh! tá toradh a ndeagh-oibreacha aca anois, & is baoghlach liom-sa nach ag dul i bhfeabhas a bheidh an sgéal aca feasta.

Acht cad deir an feirmeóir? Ceapann seisean ná fuil éan-mhaitheas i gcrainn acht iad do ghearradh & a dhóghadh. "Ní'l siad acht a' sughadh brighe an tailimh." Ní baoghal dó-san crann a chur. Gearrann sé an crann mar gheall ar a bheith 'sa' tslighe air, acht bíonn na mílte feóchadán & geósadán a' fás i n-a pháirc aige.

Nuair a bhí sé seo 'n-a gharsún a' dul ar sgoil fuair sé árd-mhúineadh. Bhí fhios aige cia'ca an cnoc is aoirde 'sa' domhan. Do 'neósfadh sé dhuit an méid uisce ghabh le fánaidh le bliadhain i n-abhairn mhór íochtair Aimeirice, & bhí cúnntas cruinn aige ar athair agus ar mhathair ríogh bhí 'sa' Róimh na mílte bliadhán ó shoin. Badh dhóigh le duine gur adhbhar captáin a bhí 'sa' gharsún agus an saghas foghluim a fuair sé ar sgoil. Nár chóir go mbeadh an bheag ní an mhór d'eolas le fagháil aige ar an tslighe bheathadh bhí i ndán dó. Acht ní mar sin a bhí. Chonnaic sé na crainn a' fás; chonnaic sé an duilleabhar a' séideadh ins an Earrach & a' tuitim 'sa' bhFoghamhar; acht níor chuir éinne 'n-a cheann ná raibh ó'n gcrann úd ar thaobh an bhóthair acht greim fhagháilt ar an dtalamh & go mbeathóchadh an t-aer é.

Is cuimhin liom-sa sean-daoine nár chaith lá riamh ar sgoil, & geallaim & deimhinghim gur mó an t-eolas a bí aca ar churadóireacht & ar nidhthibh a bhaineann le saothrughadh na talmhan 'ná bhíonn anois aca so a chaitheann na bliadhanta ar sgoil.

Ní héin-iongnadh an sgéal a bheith mar seo ag ógánaigh na haimsire seo. Tagann móran d'ár gcuid eólaíochta chughainn ó dhúthchas. Pé eólaí a bhí ag ár seacht-sinsearaibh is i nGaedhilg do b'fhéidir leó é chur i n-umhail dá gclainn; acht ní raibh éin-mhesa aca-san ar Ghaedhilg. Chaitheadar uatha í, & i n-a theannta sgaradar le heólas na sean-daoine a tháinig rómpa. B'fhéidir go raibh beagán d'eólaí a shinsear ag an bpáisde ar dhul ar sgoil dó ar dtúis. Acht, má bhí, níor b'fhada gur stracadh as na préamhachaibh an t-eolas so, & má fhágadh éan-chuid de gan stracadh, do múchadh é le carta an Bhéarla sara raibh an leanbh leath-bhliadhain ar sgoil. Thug na múinteoirí iarracht ar síol an Bhéarla a chur. Ní raibh an ithir ró-oireamhnach, & ba mhiniac an síol go holc, & ba mheasa é an leasughadh, & b'í deireadh an sgéil é gur fhág an sgoláire an sgoil & é gan Bhéarla gan Ghaedhilg.

Bhfuil leigheas le fagháil ar an aicíd seo? Tá, gan amhras. Tá an leigheas ag an ndorus againn. Tá

